# Le gearán a dhéanamh

***An rud a dhéanaimid***

*Tá Northern Ireland Electricity freagrach as tógáil agus cothabháil an mhogalra leictreachais ar fud Thuaisceart Éireann. Ba chóir do chustaiméirí dul i dteagmháil linn má theipeann ar an soláthar leictreachais, le cónasc a chruthú le teach nua nó ionad gnó nua nó má bhíonn ceist faoin mhéadar leictreachais.*

*Le gearán a dhéanamh*

*Mura bhfuil tú sásta le gné ar bith dár seirbhís do chustaiméirí, cuir muid ar an eolas faoi.*

***Líne Chabhrach do Chustaiméirí 03457 643643***

# Cad é mar a dhéanaim gearán agus cá háit?

Má tá tú míshásta le gné ar bith dár seirbhís do chustaiméirí nó má tá gearán agat, cuir muid ar an eolas faoi. Geallaimid duit plé leis an ghearán go éifeachtach agus ar bhonn cothroim. Déanaimid ár seacht ndícheall an gearán a réiteach go sásúil. Is í d'aidhm againn foghlaim ó na gearáin leis na seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú agus méid na ngearán a ísliú. Seo í a leanas an Líne Chabhrach do Chustaiméirí 03457 643643, ar fáil 8.30r.n.-5.00i.n. ó Luan go hAoine. Is féidir leat labhairt le daoine ar an Líne Chabhrach seo a bheidh sásta cuidiú a thabhairt duit agus do chuid ceisteanna a fhreagairt. Tá an Líne Chabhrach seo ar fáil duit ó dhubh go dubh má theipeann ar an soláthar leictreachais. Ar uairibh, is doiligh teacht ar réiteach ar an toirt nuair atá níos mó eolais de dhíth orainn. Sna cásanna seo, beidh muid i dteagmháil leat taobh istigh de dheich lá oibre.

Go malartach, thig leat scríobh chuig:
**Bainisteoir Caidrimh le Custaiméirí**
**Northern Ireland Electric Teoranta**
**Eastát Tionsclaíochata An Chairn**
**Port an Dúnáin**
**BT63 5QJ**
Nó ar ríomhphost **customercontact@nie.co.uk**

Déanaimid ár seacht ndícheall an gearán a réiteach agus freagra a thabhairt duit chomh luath is féidir. Mura bhfuil tú sásta lenár gcinneadh nó lenár míniú, thig leat athbhreithniú a éileamh ón Stiúrthóir Bainistíochta.
Scríobh chuig:
**An Stiúrthóir Bainistíochta**
**Northern Ireland Electricity Teoranta**
**120 Bóthar Mhaigh Luain**
**Béal Feirste**
**BT9 5HT**

Má dhéanann tú gearán tabharfaidh muid freagra duit taobh istigh de dheich lá oibre. Mura réitímid an gearán go sásúil, nó má bhíonn tú míshásta leis an fhreagra, thig leat dul i dteagmháil leis an Chomhairle Tomhaltóirí. Is comhlacht neamhspleách é an Comhairle Tomhaltóirí agus b’fhéidir go dtiocfadh leis cuidiú a thabhairt duit.

Seo a leanas na sonraí teagmhála:

**Comhairle Tomhaltóirí**
**Teach Elizabeth**
**116 Bóthar Ard Mhic Nasca**
**Béal Feirste**
**BT4 1NY**
Ríomhphost:
**complaints@consumercouncil.org.uk**
Suíomh Gréasáin: **www.consumercouncil.org.uk**
Guthán: **0800 121 6022**

## Líne Chabhrach do Chustaiméirí

**0357 643 643**

**Ar fáil 8.30r.n.-5.00i.n. ó Luan go hAoine, agus ó dhubh go dubh má theipeann ar an soláthar leictreachais. Cuirtear na glaonna ar thaifead le haghaidh dhearbhú cáilíochta.**